Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

**Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich**
**An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra**

# Nuachtlitir mhí Feabhra 2008 – Eagrán Uimh. 2

Amharc ón Srath Mór suas abhainn Áit a'Chónaí

## Mar eolas duit:

Tá lógó nua ag an Roinn (féach thuas) bunaithe ar an smaoineamh 'Comhshaol'. Léiríonn an comhartha an chaoi a mbíonn baint ag an saol a bhíonn againn agus ag na gníomhartha a dhéanaimid lena chéile. Tá na trí fheidhmeanna lárnacha atá ag an Roinn .i. Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, le tuiscint as an gcomhartha freisin.

## An tEolas is deireanaí faoin Ionad Cuairteoirí sa Pháirc Náisiúnta:

Chuaigh an obair thógála ar an Ionad Cuairteoirí ar aghaidh go maith ón uair ar tháinig an nuachtlitir dheireanach amach. Cuireadh an díon air agus ba chóir go mbeadh an foirgneamh agus an áit thart timpeall air réitithe níos deireanaí i mbliana mar a beartaíodh.

Bronnadh an conradh do phleanáil an taispeántais léirmhínithe ar *Wildfowl and Wetland Trust (WWT) Consultancy*. Eagraíocht charthanais chaomhantais as an Ríocht Aontaithe is ea WWT atá bunaithe i Gloucestershire. Bhunaigh an nádúraí agus an t-ealaíontóir, Sir Peter Scott,

nach maireann, í sa bhliain 1946. Bunaíodh WWT Consultancy sa bhliain 1989 agus soláthraíonn siad seirbhísí gairmiúla ar fud an domhain i ndáil le dearadh, cruthú, atógáil agus léirmhíniú na mbogach. Déanann an brabús go léir a dhéantar as an obair chomhairleoireachta a bhealach ar ais go dtí WWT chun cuidiú leo leis an obair chaomhantais.

Ní hiad na gnéithe éiceolaíochta amháin a dtabharfar léirmhíniú orthu mar go gcuirfear stair na limistéar máguaird san áireamh freisin. Má bhíonn pictiúr, moladh nó smaoineamh ar bith agat ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh leis an Maoirseoir Fiadhúlra, Lee MacDaibhéid. Seolfar na bunchóipeanna ar ais chuig an té a chuir isteach iad.

Thug WWT cuairteanna ar an láthair agus tá sé beartaithe acu cur i láthair ó bhéal a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar an 21ú Feabhra. Cuirfidh siad na smaointe atá acu maidir le hábhar agus leagan amach an eolais agus an léirmhínithe a bheidh san Ionad Cuairteoirí i láthair. Tugtar cuireadh d'ionadaithe tofa as na grúpaí pobail áitiúla/comhlachtaí lena mbaineann teagmháil a dhéanamh leis an oifig sa Lag Dubh agus a n-ainmneacha a fhágáil agus cuirfimid na sonraí in iúl do na hionadaithe tofa in am is i dtráth.

## Céard atá ag tarlú sa Pháirc Náisiúnta agus i Limistéar faoi Chosaint Speisialta na hAbhann Duibhe/Néifinne faoi láthair?

**1)** Tá go leor suirbhéanna á ndéanamh ar éin i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann agus le comhlachtaí eile Náisiúnta/Idirnáisiúnta lena n-áirítear:

***Atlas Éan:*** Tá sé d'aidhm leis an Atlas Éan 2007-11 mapaí a tháirgeadh faoi dháileadh/líonmhaireacht na speiceas éan go léir a ligeann amach ál agus a chaitheann an geimhreadh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus leanfaidh an togra ar aghaidh go ceann ceithre bliana. Féadfar athruithe sa dáileadh, eolas breise agus stádas caomhantais a chur i gcomparáid ansin lena mhacasamhla, an tAtlas ar an ál a ligean amach a cuireadh le chéile sa bhliain 1990 agus an tAtlas faoin ngeimhriú a cuireadh le chéile sna 1980adaí. Áirítear leis an modheolaíocht cuairteanna de réir teitread amaithe (teitread sin cearnóg 2km x 2km, agus lipéid ó A go Z air istigh i ngach cearnóg 10km) agus taifid ó dhaoine a bhíonn ag fánaíocht agus a chuir síos a n-ainmneacha le bheith páirteach sa suirbhé spéisiúil seo. Más mian leat a bheith páirteach níl le déanamh ach d'ainm a chur síos le Cairde Éanlaith Éireann ar www.birdatlas.net nó glaoch ar Chairde Éanlaith Éireann, 057-9151676.

***Cearca Fraoigh:*** Speiceas é seo a liostaítear in Iarscríbhinn II faoin Treoir maidir le hÉin. Ba é seo an chéad suirbhé a rinneadh in Éirinn agus ar cuireadh tús leis sa bhliain 2006. Rinneadh suirbhé ar 12 láthair san iomlán

in SPA na hAbhann Duibhe/Néifinne an séasúr seo caite agus taifeadadh go raibh cearca fraoigh in ocht gcinn díobh sin agus ba léir ó fhianaise eile go raibh cearca fraoigh i gceann eile.

Bíonn cearca fraoigh ag brath ar airde éagsúil den fhraoch. Cosnaíonn an fraoch ard iad ar chreachadóirí agus bíonn na gais óga ó na sicíní le hithe.

***Suirbhé ar Éin i mBogaigh na hÉireann (I_WEBS):*** Uirlis náisiúnta suirbhé is ea I-WEBS chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaonraí d'éin uisce agus d'éin bhogaigh gheimhrithe. Comhscéim is ea í idir Cairde Éanlaith Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus The Wildfowl and Wetlands Trust. Is éard a tharlaíonn go ndéantar comhaireamh míosúil comhordaithe ar láithreacha ó Mheán Fómhair go hAibreán .i. nuair nach mbíonn na héin ar gor.

***Gé Bhánéadanach na Graonlainne:*** Is é suirbhé na bliana seo an 26$^{ú}$ áireamh bliantúil ar ghéanna bánéadanacha na Graonlainne atá á chomhordú sa Bhreatain faoin staidéar ar ghé bhánéadanach na Graonlainne. Is speicis iad seo a liostaítear in Iarscríbhinn I .i. speicis neamhchoitianta, leochaileacha agus i mbaol, a dtugtar cosaint dóibh faoi dhlí na hEorpa faoin Treoir ón AE maidir le hÉin 1979 agus faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus faoin Leasú 2000.

Ligeann na géanna a n-álta amach le hais chósta íseal artach na Graonlainne Thiar agus imíonn siad ar imirce i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair tríd an Íoslainn le geimhriú in Éirinn agus sa Bhreatain agus sa dá thír sin amháin ar phortaigh agus ar thalamh talmhaíochta. Imíonn siad leo arís ag teannadh le deireadh an Mhárta/tús an Aibreáin. Cruinníonn an chuid is líonmhaire díobh ar Anaclann Dúlra Slabaí Cho. Loch Garman mar a raibh os cionn 9000 díobh san earrach 2006. Faightear roinnt bheag díobh i gceantar Iorrais mar sin féin. Is iontach mar a bhíonn siad dílis don láthair.

Is ar an gceannbhán (*Eriophorum angustifolium)* agus ar an ngobsheisc (*Rhynchospora alba)* is mó a théann na géanna ar thóir bia i gceantar na hAbhann Duibhe/Néifinne. Bíonn cothaithigh tarraingthe síos sna bleibeanna is faide síos ag na plandaí seo i gcomhair an gheimhridh agus is iad na bleibeanna cothaitheacha seo an t-ábhar bia a bhíonn ag na géanna.

Gé bhánéadanach na Graonlainne (*Anser albifrons flavirostris)*

**2** Nóta lena mheabhrú gur idir an 14ú Feabhra agus an 13ú Bealtaine an tréimhse le stoc a bheith bainte de SPA na hAbhann Duibhe/Néifinne arís le haghaidh an gheimhridh. Tá na baill foirne áitiúla fós i mbun monatóireachta ar an bhfásra talún a fhás arís. Leanfar den mhonatóireacht ón aer ar an Limistéar faoi Chosaint Speisialta sa tréimhse sin. Tarlóidh sé seo lena chur ar chumas na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a chinntiú go gcomhlíonfar na pleananna feirme agra-chomhshaoil a aontaíodh ionas go bhféadfar na gnáthóga san SPA a ndearnadh damáiste dóibh a shlánú arís.

**3)** Cuireadh tús le mapáil an róslabhrais atá ar thailte na Páirce Náisiúnta agus tá súil againn an speiceas ionrach seo a ghlanadh den talamh amach anseo. Ach is tionscadal fadtéarmach a bheidh ann mar gur féidir gur obair í a mbainfeadh saothar mór léi.

**4)** Tá sé beartaithe cruinniú a bheith ann idir an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus úinéirí talún a bhfuil a gcuid tailte ag luí le Slí Bhaingear. Éascóidh sé seo an chumarsáid agus an caidreamh i dtaobh bealaí beartaithe agus moltaí i dtaobh na slí a bheith in úsáid ag cuairteoirí chun na Páirce Náisiúnta le haghaidh fálróide agus araile.

Cheap Comhairle Contae Mhaigh Eo Oifigeach nua Slite le deireanas. Pléifear freisin an Tuarascáil ar an Suirbhé ar Fhorbairt na Slí a bhfuil bailchríoch curtha ag comhairleoir de chuid na Slite Náisiúnta uirthi. Gheobhaidh úinéirí talún fógra go luath ar an bpost faoi dháta, ionad agus araile an chruinnithe seo.

**5)** Ba chóir go gcuirfí tús le tionscadal aermhapála na bPáirceanna de chuid na Páirce Náisiúnta an t-earrach seo (má bhíonn an aimsir in araíocht). Fágfaidh sin go mbeidh íomhánna digiteacha agus clóite ar dhea-chaighdeán againn de thopagrafaíocht an limistéir agus go mbeidh íomhánna den bhonnlíne iomlán againn den bhail a bheidh ar an bhfásra ionas go bhféadfaimid comparáidí a dhéanamh sa todhchaí.

**6**) Tionóladh cruinniú le gairid i mBaile Chruaich idir an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Grúpa Stiúrtha Thodhchaí Phobal Bhaile Chruaich. Áirítear mianta/tuairimí an ghrúpa maidir le forbairt a bhainfeadh leis an bpobal nuair a bheadh an tIonad Cuairteoirí ar a bhonnaibh agus eolas cothrom le dáta ar an bPáirc Náisiúnta ar na saincheisteanna a pléadh agus thug an Maoirseoir Caomhantais, Cameron Clotworthy, píosa cainte uaidh. Glacaimid buíochas le Grúpa Stiúrtha Thodhchaí Phobal Bhaile Chruaich as cuireadh a thabhairt dúinn freastal ar an ócáid thairbhiúil fhaisnéiseach sin.

**7)** Tá an Maoirseoir Caomhantais, Lionárd Flóid, i mbun athbhreithniú faoi láthair ar an stair a bhain le sliabhraon Néifinn Bheag mar a bhí sular bunaíodh an Pháirc Náisiúnta. Beidh fíorchaoin fáilte roimh eolas ar bith a bhainfeadh leis na sléibhte a bheadh le fáil ó mhuintir na háite.

## An raibh a fhios agat seo?

Ar tháinig tú trasna ar ábhar cosúil le glóthach cineál bán ar an talamh agus tú amuigh ag siúl? Ba é an míniú a bhíodh air ag seanchailleacha gur fágadh ann í nuair a thit réalta reatha. Ach is faireoga ubhaduchta loscainn a fágadh gan ithe atá ann i ndáiríre. Atann na faireoga seo nach maith leis na héin a bhíonn ag creachadh na loscann, pléascann siad agus dreonn siad agus iompaíonn siad ina gcnapanna glóthaí nuair a thiteann fliuchán orthu. Sin eolas le coinneáil i gcúl do chinn le haghaidh tráth na gceist amach anseo.

## Déan teagmháil linn

Más mian leat a thuilleadh Nuachtlitreacha faoin bPáirc Náisiúnta a fháil níl le déanamh ach dul i dteagmháil le Nicola Carroll. Ní bheidh eagráin á seoladh amach againn sa todhchaí ach amháin chuig na daoine sin a chuirfidh in iúl dúinn gur spéis leo iad a fháil. Seachas sin féadfar cóipeanna a fháil go háitiúil in oifigí an phoist áirithe, i siopaí agus in oifigí eolais do thurasóirí.

Is sa Lag Dubh atá an oifig ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus féadfar fiosrúcháin a dhéanamh ar

**TEIL:** 098 49996

Is féidir eolas faoin tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a fháil ar an suíomh gréasáin www.npws.ie